Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5108/19**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2017/0230(COD)**
**2017/0231(COD)**
**2017/0232(COD)**
**2017/0136(COD)**

**EF 5**
**ECOFIN 11**
**DROIPEN 2**
**CRIMORG 1**
**CODEC 30**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar an gCóras Eorpach Maoirseoirí Airgeadais<br>- Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 20 Meán Fómhair 2017, thíolaic an Coimisiún pacáiste de thograí reachtacha dá ngairtear pacáiste an Chórais Eorpaigh Maoirseoirí Airgeadais ("pacáiste CEMA")[1].

2. Is ina dhiaidh sin arís a chuir an Coimisiún an chuid sin a bhaineann le frithsciúradh airgid/maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) leis an bpacáiste reachtaíochta seo, i dtogra a eisíodh ar an 12 Meán Fómhair 2018[2].

3. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle ECOFIN ar an 2 Deireadh Fómhair 2018, d'aithin na Ballstáit go forleathan AML/CFT mar thosaíocht agus sainordaíodh plean gníomhaíochta a ullmhú i dtaca le frithsciúradh airgid, ar glacadh leis ó shin.[3]

[1] 12420/17, 12422/17, 12430/17, 12431/17
[2] 12111/18
[3] 15164/18

4. Ghlac an Banc Ceannais Eorpach a thuairim maidir leis an togra leasaithe (AML/CFT) ar an 7 Nollaig 2018[4] agus ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim ar an 12 Nollaig 2018[5].

5. Ar an 19 Nollaig 2018, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoi shainordú páirteach don chaibidlíocht maidir leis an gcuid sin a bhaineann le AML/CFT[6], fad a bheidh an chuid eile de chomhad CEMA á phlé ag Meitheal na Comhairle go fóill.

6. Ar an 10 Eanáir, vótáil Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta na Parlaiminte Eorpaí maidir lena thuairim ar an bpacáiste CEMA ina iomláine.

7. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Sheirbhísí Airgeadais ar an 11 Eanáir, d'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí féachaint le tús áite a thabhairt don chuid sin a bhaineann le AML/CFT agus é a dhealú ón gcuid eile den chomhad. Tugadh tacaíocht fhorleathan dó seo.

## II. STAID NA hIMEARTHA

8. Tá an Uachtaránacht réidh chun dul ar aghaidh leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcuid sin don chomhad a bhaineann le AML/CFT a luaithe is féidir.

9. Ag an am céanna, tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht leanúint den obair ar an leibhéal teicniúil ar an gcuid eile den phacáiste reachtach, i gcás nach bhfuil tromlach leathan bainte amach go fóill agus i gcás go bhfuil gá le tuilleadh plé a dhéanamh, d'fhonn sainordú caibidlíochta stóinseach a bhaint amach. Áirítear air sin tuilleadh oibre a dhéanamh ar an gcreat i ndáil leis na hÚdaráis Eorpacha Mhaoirseachta agus ar rialachán BERS.

[4] 15468/18
[5] 15630/18
[6] 15569/18 ADD 1

**III. CONCLÚID**

10. Molann an Uachtaránacht díriú ar an gcuid sin a bhaineann le AML/CFT, d'fhonn teacht ar chomhaontú a luaithe is féidir le Parlaimint na hEorpa (faoi réir comhaontú ó Pharlaimint na hEorpa).

11. Is éard is cúis leis sin a phráinní atá ábhar AML/CFT, agus leis an rún atá ag an Uachtaránacht a gcuid iarrachtaí agus acmhainní a dhíriú ar na comhaid gur mó an seans go gcuirfear i gcrích iad laistigh de thréimhse an reachtais reatha.

12. Leanfar leis an obair theicniúil ar an leibhéal teicniúil, d'fhonn teacht ar shainordú caibidlíochta ar an gcuid eile de phacáiste CEMA.

13. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht do COREPER iarraidh ar an gComhairle teacht ar aon fhocal maidir le tús áite a thabhairt don chuid sin a bhaineann le AML/CFT agus tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa ar an gcuid sin de phacáiste CEMA a bhaineann le AML/CFT bunaithe ar an téacs a chomhaontaigh COREPER ar an 19 Nollaig 2018[7].

---

[7] 15569/18 ADD 1